www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2017**

# Stair

Aonad Measúnaithe A2 2

AH221

**[AH221]**

**DÉ hAOINE 16 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a rinneadh an t-am atá thart a léirmhíniú agus a léiriú ar dhóigheanna difriúla.

www.xtrapapers.com

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu ceist **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

## Roinn A Fiosrú Stairiúil: Iuacháil agus anailísiú foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

### An Conradh Angla-Éireannach 1921

### Foinse 1

Sliocht as litir ón Phríomh-Aire, David Lloyd George, chuig Éamon de Valera, Uachtarán Shinn Féin, 20 Iúil 1921. Tá sé ag míniú na gcoinníollacha faoina bhfuil Rialtas na Breataine sásta dul i mbun idirbheartaíochta le Sinn Féin agus aontú ar réiteach síochána d'Éirinn i bhfoirm conartha.

> Rachaidh Éire isteach sa chomhlachas mór náisiún a bhfuil an Rí i réim orthu. Beidh sí ina ball den Chomhlathas agus beidh stádas Tiarnais aici. Beidh áit na hÉireann sa Chomhlathas á ráthú ag náisiúin uilig na hImpireachta. Lenár slándáil a chosaint, is é an Cabhlach Ríoga amháin a mbeidh ceannas aige ar na farraigí thart ar Éirinn agus ar an Bhreatain Mhór. Ní mór gan aon bhac a bheith ar shreabhadh trádála idir an Bhreatain Mhór agus Éirinn. Ní féidir na cumhachtaí reatha atá ag Rialtas Thuaisceart Éireann a athrú gan cead a fháil uaidh féin. Cuideoidh muid le réiteach síochánta a shocrú idir Éireannaigh i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann, ach níl cás ar bith ann ina mbeadh muid sásta toiliú le moladh ar bith a bheadh ina údar le cogadh cathartha in Éirinn.

*© The Irish Uprising, 1914-21 by Tim Coates. (ISBN: 9780117024151) Published by Tim Coates Books, 2000*

### Foinse 2

Sliocht as meamram ó lucht idirbheartaíochta Shinn Féin chuig Rialtas na Breataine, 24 Deireadh Fómhair 1921. Thosaigh na cainteanna Conartha idir Rialtas na Breataine agus Sinn Féin ar 11 Deireadh Fómhair.

> An tairiscint de 20 Iúil a bhronn Stádas Tiarnais ar Éirinn, ní thabharfaidh sí na cearta agus na cumhachtaí riachtanacha dúinn atá ag na Tiarnais uilig. Ní hionann is na Tiarnais eile, níl muid le smacht agus cosaint a bheith againn ar ár gcóstaí, ná ní muidne an t-aon bhreitheamh atá ann ar ár gcúrsaí eacnamaíochta féin. Molann muid go rachaidh Éire le Comhlathas na Breataine ar gach cúis atá ina cúis imní chomhchoiteann ag Comhlathas na Breataine. Ba chóir don Bhreatain gach éileamh ar údarás ar Éirinn agus ar ghnóthaí na hÉireann a thabhairt suas. Molann muid go n-aithneofar Éire mar Shaorstát, agus go ráthóidh Comhlathas na Breataine, Conradh na Náisiún agus Stáit Aontaithe Mheiriceá saoirse na hÉireann. Is constaic i mbealach na síochána í an chríochdheighilt atá cruthaithe ag Rialtas na Breataine. Tá sé beartaithe againn déileáil leis seo trí bhualadh le hionadaithe tofa Thuaisceart Éireann agus cosaintí a thabhairt dóibh.

*© The Irish Republic by Dorothy Macardle. (ASIN: B004HM629U) Published by Victor Gollancz, 1937*

www.xtrapapers.com

**Foinse 3**

Sliocht as *The Green Flag: A History of Irish Nationalism* le Robert Kee, a foilsíodh in 2000. Tá Kee ag scríobh faoin Chonradh Angla-Éireannach, a shínigh ionadaithe Rialtas na Breataine agus Shinn Féin ar 6 Nollaig 1921.

> Thabharfaí Saorstát Éireann ar Éirinn, agus bheadh an bunreacht agus an stádas aici a bhí ag Ceanada agus ag Tiarnais eile sa 'phobal náisiún ar a dtugtar Impireacht na Breataine". Bhí ar chomhaltaí de Pharlaimint Shaorstát Éireann fíordhílseacht agus géillsine a mhionnú do Bhunreacht Shaorstát Éireann agus a mhionnú go mbeadh siad "dílis don Rí, a oidhrí agus a chomharbaí". Bheadh cead ag an tSaorstát arm teoranta a bheith aige. Bheadh calafoirt áirithe faoi riail na Breataine ar chúiseanna cosanta. Tugadh an ceart do Pharlaimint Thuaisceart Éireann vótáil le fanacht as Saorstát Éireann agus na cumhachtaí a bhí aici a choinneáil. Sna tosca seo, chinnteodh Coimisiún na Teorann na teorainneacha idir Tuaisceart Éireann agus an chuid eile d'Éirinn. Chreid toscairí Shinn Féin go n-aistreodh an Coimisiún méid suntasach críche chuig an tSaorstát.

*© The Green Flag: A History of Irish Nationalism by Robert Kee. (ISBN: 9780140291650)*
*Published by Penguin, 2000*

1 (a) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as do chuid eolais féin maidir leis an tréimhse seo.** Cé acu de na foinsí a mbeadh an meas is mó ag staraí uirthi mar fhianaise agus é ag déanamh staidéir ar an Chonradh Angla-Éireannach 1921? [15]

(b) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.** Cé chomh mór agus atá na foinsí ag tacú leis an dearcadh gur bhua do Rialtas na Breataine agus treascairt do Shinn Féin a bhí sa Chonradh Angla-Éireannach 1921? [20]

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Bua do Carson agus do Bonar Law." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an mheasúnú seo den ghéarchéim faoin Tríú Bille Rialtas Dúchais suas le Meán Fómhair 1914? Bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, lena n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin, le tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** "Ba é an ról a bhí ag daoine lárnacha i gceannasaíocht Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann an fáth ba mhó le briseadh amach Éirí Amach na Cásca in 1916." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an mheasúnú seo? Le tacú le do fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, lena n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe a tugadh ina dhiaidh sin. [35]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.